Cuntas Leithreasa 2013

# Vóta 36

# Cosaint

## Réamhra

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 36, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2013 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Cosanta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin; ar phá agus ar chostais Óglaigh na hÉireann; agus ar íoc deontas i gcabhair áirithe.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna
(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2013, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
(b) arna gcur ar fáil ar mhaithe le seirbhísí soláthair chaipitiúil soláthair in 2013, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2012, faoi na socruithe iarchurtha géillte a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Dlitear barrachas €20.23 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas seo é an Ráiteas faoi Bheartais agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 6.

**An Ráiteas faoi Bheartais agus faoi Phrionsabail**

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha cuntasaíochta maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas;

***Luacháil Stoic***

Déantar stoic mhíleata a luacháil ag an meánchostas. Déantar stoic de chuid an Aerchóir a luacháil ag an bpraghas ceannaigh. Déantar stoic roinne a luacháil ag an bpraghas ceannaigh is déanaí.

***Dímheas***

Déantar sócmhainní míleata a dhímheas go luachanna iarmharacha ar rátaí idir 3% - 20% in aghaidh na bliana agus an modh de réir méid chothroim á úsáid.

***Sócmhainní Caipitil***

Cuimsíonn sócmhainní caipitil gach cineál trealaimh mhíleata agus gach sócmhainn TE ach ní chuirtear san áireamh ann troscán agus feistis go bhfuil costas níos lú ná €600.

Tá sceideal na talún agus na bhfoirgneamh arna riar ag an Roinn Cosanta faoi cheangal. Ós rud é nach bhfuil luachálacha ar fáil do gach ceann de na réadmhaoine seo, níl siad san áireamh sa shócmhainní caipitil (Nóta 2.2).

**Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais**

***Freagracht don Chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Cheann Oifige. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach,
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais,
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach.
- Athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- Córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn.
- Córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC.
- Treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.
- Cinntíonn an Roinn go leagtar béim chuí ar dhea-chleachtas ceannaigh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a áirithiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile, lena n-áirítear iad siúd a dhéileálann le conarthaí a dámhadh gan tairiscint iomaíoch.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn/Oifig le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne/Oifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Maurice Quinn**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Cosanta

27 Márta 2014

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 36 Cosaint

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 36 Cosaint don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na nGnáthamh Airgeadais Phoiblí.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 36 Cosaintdon bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013**.**

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Cosaint**.** Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

8 Méan Fomhair 2014

# Vóta 36 Cosaint

## Cuntas Leithreasa 2013

| | | | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim Soláthraithe sa Mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas cláir** | | | | | |
| A | Beartas cosanta agus tacaíocht, cumas míleata agus torthaí oibriúcháin | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 680,432 | | | |
| | *Tabhairt suas a iarchur* | 900 | | | |
| | | | 681,332 | 666,963 | 657,141 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 680,432 | | | |
| | *Tabhairt suas a iarchur* | 900 | | | |
| | | | **681,332** | **666,963** | **657,141** |
| | *Asbhain* | | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **41,675** | **48,436** | **46,140** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 638,757 | | | |
| | *Tabhairt suas a iarchur* | 900 | | | |
| | | | **639,657** | **618,527** | **611,001** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán nó cuid d'aon leithghabháil neamhchaite do sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena chaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin.

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr don bhliain | 21,130,320 | 36,519,313 |
| Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas | 900,000 | 900,000 |
| Farasbarr le tabhairt suas | 20,230,320 | 35,619,313 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim Soláthraithe sa Mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 18,078 | 17,246 | 16,002 |
| ii | Taisteal agus cothú | 523 | 484 | 415 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 205 | 171 | 165 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 784 | 624 | 554 |
| v | Trealamh oifige agsu seirbhísí IT seachtracha | 2,195 | 1,865 | 2,090 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 1,370 | 972 | 1,203 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar bheartais | 25 | 13 | 9 |
| viii | Uachtaránacht an AE | 269 | 154 | 35 |
| | | 23,449 | 21,529 | 20,473 |

1. Áirítear i bhfigiúirí na bliana 2013 costais riaracháin na Cosanta Sibhialta. Díscaoileadh an Bord Cosanta Sibhialta an 31 Nollaig 2012.

2. Áirítear le costais Uachtaránacht an AE de €154,000 costais phá €72,000 agus costais neamhphá de €82,000.

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2013

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas cláir | | 645,434 | 636,668 |
| Pá | | 17,318 | 16,037 |
| Caiteachas eile | | 4,211 | 4,436 |
| **Ollchaiteachas** | | **666,963** | **657,141** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **48,436** | **46,140** |
| **Glanchaiteachas** | | **618,527** | **611,001** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin (airgead) | (15,738) | | |
| Dímheas | 39,833 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 6,857 | | |
| Diúscairtí airgead tirim | 865 | | |
| | | 31,817 | 21,440 |
| **Athruithe maidir le sócmhainní atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí airgid | | (5,940) | (5,528) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhraithe deiridh | (35,059) | | |
| Laghdú ar stoc | 777 | | |
| | | (34,282) | (20,715) |
| **Caiteachas díreach** | | **610,122** | **606,198** |
| | | | |
| **Caiteachas tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (Nóta 1.1) | | 7,393 | 7,667 |
| Cíosanna barúlacha | | 1,949 | 2,054 |
| **Costas glan clár** | | **619,464** | **615,919** |

**1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara**

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara déanta de na méideanna a leanas i ndáil le Vóta 36 a taobhaíodh in áit eile agus suimeanna iompartha ar an vóta maidir le seirbhísí eile:

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin | m | (389) | (400) |
| Vóta 2 Roinn an Taoisigh | m | (50) | (75) |
| Vóta 7 Na Coimisinéirí Ioncaim | m | 1 | — |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | m | 8,501 | 9,075 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 844 | 650 |
| Vóta 35 Pinsin Airm | m | (1,700) | (1,738) |
| An Príomh-Chiste – Pinsin na nAirí | m | 186 | 155 |
| | | 7,393 | 7,667 |

Tugann "m" le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2013

| | Nóta | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 316,959 | 342,100 |
| **Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | 2.3 | 3,068 | 1,668 |
| | | **320,027** | **343,768** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 8,075 | 751 |
| Stoic | 2.5 | 265,068 | 265,845 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.6 | 108,431 | 73,821 |
| Ioncam fabhraithe | | 1,855 | 2,326 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.7 | 892 | 1,060 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **384,321** | **343,803** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 2,029 | 2,997 |
| Ioncam iarchurtha | | 22 | 49 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.8 | 4,066 | 190 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.9 | 4,901 | 1,621 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **11,018** | **4,857** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 373,303 | 338,946 |
| **Glansócmhainní** | | **693,330** | **682,714** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas Maoiniú Stáit** | 2.1 | **693,330** | **682,714** |

| **2.1 Cuntas Maoiniú Stáit** | **Nóta** | | **2013** | **2012** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 682,714 | 685,341 |
| **Eisíocaíochtaí as an Vóta** | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 639,657 | | |
| Tabhairt suas a iarchur | Cuntas | (900) | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (20,230) | | |
| Vóta glan | | | 618,527 | 611,001 |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile | 1 | | 7,393 | 7,667 |
| Caiteachas neamh-airgid - measchíosanna | 1 | | 1,949 | 2,054 |
| Aistrithe – Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt | 2.3 | | (4,540) | (7,430) |
| Coigeartú sócmhainne | | | 4,820 | — |
| Aistrithe ón mBord Cosanta Sibhialta | 2.2 | | 1,931 | — |
| Costas glan clár | 1 | | (619,464) | (615,919) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | 693,330 | 682,714 |

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | De chuid an airm trealamh | Trealamh na Cosanta Sibhialta | Oifig/IT trealamh | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2013 | 881,244 | — | 41,854 | 3,617 | 926,715 |
| Aistrithe ón mBord Cosanta Sibhialta[1] | — | 1,888 | 17 | 26 | 1,931 |
| Athaicmiú ó stoc[2] | 4,080 | — | — | — | 4,080 |
| Coigeartú[3] | (2,517) | — | — | — | (2,517) |
| Breiseanna | 13,545 | 424 | 1,626 | 68 | 15,663 |
| Diúscairtí | (60,552) | (63) | (1,542) | (67) | (62,224) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2013 | 835,800 | 2,249 | 41,955 | 3,644 | 883,648 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2013 | 545,584 | — | 36,968 | 2,063 | 584,615 |
| Dímheas ar míreanna athaicmithe[2] | 1,448 | — | — | — | 1,448 |
| Coigeartú[3] | (4,705) | — | — | — | (4,705) |
| Dímheas don bhliain | 37,486 | 440 | 1,681 | 226 | 39,833 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (53,003) | (3) | (1,433) | (63) | (54,502) |
| Dímheas carntha amhail an 31 Nollaig 2013 | 526,810 | 437 | 37,216 | 2,226 | 566,689 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2013** | **308,990** | **1,812** | **4,739** | **1,418** | **316,959** |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2012** | **335,660** | — | **4,886** | **1,554** | **342,100** |

[1] Díscaoileadh an Bord Cosanta Sibhialta an 31 Nollaig 2012 agus rinneadh sócmhainní an Bhoird tráth an dáta sin a aistriú chuig an Roinn Cosanta.

[2] Ag eascairt as athbhreithniú ar an gcóras fardail, rinneadh míreanna áirithe a taifeadadh roimhe seo mar stoc a athaicmiú mar shócmhainní caipitil.

[3] Tháinig an coigeartú chun cinn tar éis athbhreithniú a rinneadh ar chatagóiriú na míreanna sócmhainní.

Riarann an Roinn Cosanta tailte (tuairim is 8,400 heicteár) agus foirgnimh ag 100 ionad éagsúil, chomh maith le 19 maoin lasmuigh de bheairicí atá ann mar cheathrúna pósta. Táthar ag dréim leis go ndéanfar dul chun cinn ar dhiúscairt na gceathrúna seo do lucht pósta sa bhliain 2014. Níl talamh agus foirgnimh áirithe i sócmhainní caipitil.

## 2.3 Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt

| amhail an 31 Nollaig | Conarthaí tógála |
|---|---|
| | €000 |
| Méideanna tugtha ar aghaidh amhail an 1 Eanáir 2013 | 1,668 |
| Íocaíochtaí airgid don bhliain[1] | 5,940 |
| Aistrithe chuig clár na sócmhainní | (4,540) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig 2013 | 3,068 |

[1] Aistriú barúlach chuig clár na sócmhainní.

| **2.4 Banc agus Airgead** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta, banc agus airgead tirim | 8,075 | 1,091 |
| Orduithe íiocaíochta gan íoc | — | (340) |
| | 8,075 | 751 |

| **2.5 Stoic** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| **Stoic mhíleata** | | |
| Iarmhéid tosaigh 1 Eanáir | 265,777 | 269,550 |
| Ceannaigh le linn na bliana | 44,538 | 42,837 |
| Eisiúintí le linn na bliana | (43,888) | (26,785) |
| Nithe díscríofa, stoc críon, etc.[1] | (3,928) | — |
| Coigeartú[2] | 6,029 | — |
| Athaicmiú do shócmhainní seasta[1] | (4,080) | (19,825) |
| | 264,448 | 265,777 |
| An Chosaint Shibhialta[3] | 566 | — |
| Páipéarachas, etc. | 28 | 34 |
| Ábhar inchaite IT, etc. | 26 | 34 |
| | 265,068 | 265,845 |

1 Tá obair ar siúl go leanúnach le míreanna stoic mhíleata mhallghluaisteacha agus as feidhm a aithint agus a bhaint.

2 Tháinig an coigeartú chun cinn tar éis athbhreithniú a rinneadh ar chatagóiriú míreanna stoic.

3 Athaicmíodh roinnt míreanna stoic mhíleata mar shócmhainní i 2013 (féach nóta 2.2).

4 Díscaoileadh an Bord Cosanta Sibhialta an 31 Nollaig 2012 agus aistríodh stoc arbh fhiú €574,000 é ar an dáta sin chuig an Roinn Cosanta.

| **2.6 Iarmhéideanna eile dochair** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Tógáil árthaí cabhlaigh (nóta 2.10 (c)) | 84,230 | 59,630 |
| Eile | 24,201 | 14,191 |
| | 108,431 | 73,821 |

Is ionann €84 milliún agus réamhíocaíochtaí carnacha ar an tionscadal um athsholáthar soithí cabhlaigh ón tréimhse 2010-2013. Íocfar €48milliún breise faoi Mhárta 2016.

| **2.7 Iarmhéideanna eile dochair** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Fionraí | 892 | 1,060 |
| | 892 | 1,060 |

| **2.8 Iarmhéideanna eile creidmheasa** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 103 | 90 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | (39) | (20) |
| Cáin ioncaim | 33 | 81 |
| Cáin Chonarthaí Iomchuí | 29 | — |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 21 | 9 |
| Tobhacht ar ioncaim | (15) | (12) |
| Cáin Bhreisluacha | 3,833 | — |
| | 3,965 | 148 |
| Asbhaintí ó thuarastail | 15 | 6 |
| Fionraí | 86 | 36 |
| | 4,066 | 190 |

| **2.9 Glandliteanas don Státchiste** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Farrasbarr le tabhairt suas | 20,230 | 35,619 |
| Tabhairt suas a iarchur | 900 | 900 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (16,229) | (34,898) |
| Glandliteanas don Státchiste | 4,901 | 1,621 |
| | | |
| **Arna léiriú le:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 8,075 | 751 |
| Iarmhéideanna eile dochair: fionraí | 892 | 1,060 |
| | 8,967 | 1,811 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (3,965) | (148) |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa: fionraí | (101) | (42) |
| | (4,066) | (190) |
| | | |
| | 4,901 | 1,621 |

| **2.10 Ceangaltais** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iomlán na gceangaltas atá infheidhme de réir an dlí | 72,695 | 96,455 |

**(A) Ceangaltais Dhomhanda**

Cuimsíonn an figiúr €72.7 milliún €48 milliún don chlár athsholáthair shoithí cabhlaigh; €17 milliún do cheannach trealaimh chosantaigh agus €4 milliún do roinnt tionscadal tógála.

**(B) Ceangaltais Chaipitil Ilbhliantúil**

Caiteachas i 2013 agus ceangaltais sna blianta ina dhiaidh sin le sásamh de bhua na dtionscadal caipitil mar a bhí conarthaí infheidhmithe de réir an dlí i bhfeidhm amhail:

| | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Caiteachas | 5,940 | 5,528 |
| Ceangaltais le sásamh sna blianta ina dhiaidh sin | 3,260 | 1,628 |

**(C) Mórthionscadail**

Caiteachas ar thionscadail ina sáróidh an costas measta iomlán €6.35m:

| | **Caiteachas aníos go dtí an 31/12/2012** | **Caiteachas 2013** | **Blianta ina dhiaidh sin** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|
| **Tionscadal** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Tionscadal athsholáthair na narthaí cabhlaigh | 59,630 | 24,600 | 47,970 | 132,200 |

Rinne an Roinn conradh in 2014 chun tríú soitheach a fháil.

## 2.11 Tionscadal athsholáthair na narthaí cabhlaigh

B'ionann na dliteanais aibithe a bhí fós le híoc faoi cheann na bliana agus €484,776.

## 3 Caiteachas Cláir réir fo-mhírcheann

| | | | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim Soláthraithe sa Mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Beartas cosanta agus tacaíocht, cumas míleata agus torthaí oibriúcháin** | | | | |
| A.1 | Riarachán – pá | | 18,158 | 17,318 | 16,037 |
| A.2 | Riarachán - caiteachas eile | | 5,291 | 4,211 | 4,436 |
| A.3 | Na Buan-Óglaigh: pá | | 423,251 | 413,394 | 394,846 |
| A.4 | Na Buan-Óglaigh: liúntais | | 39,621 | 40,074 | 43,280 |
| A.5 | Na hÓglaigh Cúltaca: pá, etc. | | 3,325 | 1,909 | 3,679 |
| A.6 | Séiplínigh agus eaglaisigh feidhmithe: pá agus liúntais | | 1,225 | 1,108 | 1,128 |
| A.7 | Sibhialtaigh a bhaineann le haonaid: pá, etc. | | 33,075 | 29,251 | 30,823 |
| A.8 | Trealamh cosanta | | 26,500 | 26,931 | 29,150 |
| A.9 | An tAerchór: trealamh agus costais | | 14,100 | 17,653 | 16,287 |
| A.10 | Iompar míleata | | 11,950 | 10,437 | 12,573 |
| A.11 | An tSeirbhís Chabhlaigh: trealamh agus costais | | 31,400 | 35,800 | 33,558 |
| A.12 | Costais bheairicí agus trealamh innealtóireachta | | 13,800 | 15,505 | 14,344 |
| A.13 | Foirgnimh | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 13,700 | | | |
| | *Tabhairt suas a iarchur* | 900 | 14,600 | 12,613 | 12,032 |
| A.14 | Ordanás, éadaí agus lónadóireacht | | 15,730 | 11,784 | 15,062 |
| A.15 | Cumarsáid agus teicneolaíocht faisnéise | | 6,480 | 7,166 | 6,561 |
| A.16 | Traenáil mhíleata | | 2,000 | 1,998 | 2,289 |
| A.17 | Seirbhísí taistil agus lasta | | 2,168 | 2,074 | 2,368 |
| A.18 | Costais leighis | | 2,800 | 2,776 | 2,904 |
| A.19 | Tailte | | 1,000 | 1,540 | 1,651 |
| A.20 | Eachaíocht | | 860 | 874 | 909 |
| A.21 | Cúiteamh | | 5,000 | 3,798 | 3,144 |
| A.22 | Caiteachas ilghnéitheach | | 3,066 | 2,700 | 2,937 |
| A.23 | Costais dhíreacha de thoradh rannpháirtíocht na hÉireann i mBeartas Eorpach Slándála agus Cosanta an AE | | 820 | 828 | 689 |
| A.24 | An Chosaint Shibhialta | | 4,243 | 4,352 | 5,585 |
| A.25 | Cros Dhearg na hÉireann (deontas i gcabhair) | | 869 | 869 | 869 |
| | **Iomlán** | | **681,332** | **666,963** | **657,141** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, an caiteachas i ndáil leis an gClár A €14,368,931 níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/ (níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Na hÓglaigh Cúltaca: pá, etc. | 1,416 | Tháinig an choigilt go príomha as rannpháirtíocht cúltacairí in oiliúint íoctha a bheith ní b'ísle ná mar a bhíothas ag súil léi. |
| Séiplínigh agus eaglaisigh feidhmithe: pá agus liúntais | 117 | Tháinig an choigilt go príomha as líon na séiplíneach a chuaigh ar scor. |
| Sibhialtaigh a bhaineann le haonaid: pá, etc. | 3,824 | Tháinig an choigilt go príomha as laghdú i líon na bhfostaithe sibhialtacha. |
| An tAerchór: trealamh agus costais | (3,553) | Baineann an barrachas go príomha le tuilleadh riachtanais chothabhála aerárthaí a bhí ann agus leis an éileamh méadaithe ar bhreosla le haghaidh tuilleadh riachtanais oibriúcháin. |
| Iompar míleata | 1,513 | Tháinig an choigilt go príomha as moill ar fhilleadh feithiclí armúrtha ó mhisin thar lear, rud a chuir moill ar atógáil bheartaithe na bhfeithiclí sin. Ina theannta sin, bhí riachtanais chothabhála ní b'ísle ná mar a bhíothas ag súil leo. Frithháiríodh na coigiltí sin go páirteach de bharr an ghá a bhí le tuilleadh feithiclí tarrthála agus de bharr éileamh méadaithe ar bhreosla. |
| An tSeirbhís Chabhlaigh: trealamh agus costais | (4,400) | Tháinig an barrachas go príomha as na riachtanais bhreosla a bheith ní b'airde ná mar a bhíothas ag súil leo agus as tuilleadh cothabháil oibriúcháin agus costais trealaimh. |
| Costais bheairicí agus trealamh innealtóireachta | (1,705) | Tháinig an barrachas as tionscadail trealaimh innealtóireachta a sholáthar go luath agus as an ngá a bhí le roinnt trealamh glanta agus troscán breise. D'fhritháirigh caiteachas laghdaithe fóntais an barrachas sin go páirteach. |
| Foirgnimh | 1,987 | Tháinig an choigilt as an dul chun cinn ar roinnt tionscadal a bheith ní b'ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. I measc na dtionscadal sin, bhí uasghrádú an iosta stórála lón lámhaigh ag Campa an Churraigh. |
| Ordanás, éadaí agus lónadóireacht | 3,946 | Tháinig an choigilt go príomha as stórtha a chuíchóiriú.. |
| Cumarsáid agus teicneolaíocht faisnéise | (686) | Tháinig an barrachas as an ngá a bhí le córais chumarsáide agus ghréasáin a fheabhsú d'fhonn tacú le riachtanais oibriúcháin. |
| Tailte | (540) | Tháinig an barrachas as costais mhéadaithe slándála agus chothabhála ag áitribh mhíleata tar éis iad a dhúnadh. |
| Cúiteamh | 1,202 | Tá caiteachas faoin bhfo-mhírcheann seo faoi réir roinnt athróga éagsúla, lena n-áirítear uainiú éisteachtaí cúirte, dul chun cinn na gcásanna, agus líon, luach agus uainiú na ndámhachtainí agus na socraíochtaí. |
| Caiteachas ilghnéitheach | 366 | Tháinig an choigilt go príomha as costais chomhairleachta a bheith ní b'ísle mar a bhíothas ag súil leo agus as coigiltí ilghnéitheacha eile ní ba lú. |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Fáltais ó na Náisiúin Aontaithe maidir le liúntais thar lear, etc. | 6,000 | 8,529 | 9,204 |
| 2. | Fáltais ón AE maidir le costais chosanta iascaigh | 50 | 63 | — |
| 3. | Fáltais ó bhainc maidir le seirbhísí tionlacain airgid | 8,500 | 8,439 | 8,717 |
| 4. | Fáltais ó chónaí i gceathrúna oifigiúla Fáltais ó chónaí i gceathrúna oifigiúla | 165 | 240 | 222 |
| 5. | Fáltais ó chiondálacha ar aisíoc | 500 | 1,030 | 804 |
| 6. | Fáltais ó eisiúintí eile ar aisíoc | 60 | 48 | 41 |
| 7. | Fáltais ar bhreosla eitlíochta | 70 | 191 | 394 |
| 8. | Fáltais ar urscaoileadh trí cheannach | 50 | 40 | 39 |
| 9. | Talamh agus áitribh:- | | | |
| | (a) cíosanna, etc. | 350 | 600 | 470 |
| | (b) díolacháin | 1,250 | 1,422 | 250 |
| 10. | Díol stóras iomarcach | 200 | 899 | 444 |
| 11. | Aisíocaíochtaí maidir le seirbhísí pearsanra ar iasacht | 80 | 232 | 39 |
| 12. | Nithe ilghnéitheacha | 400 | 1,400 | 825 |
| 13. | Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsean maidir le luach saothair seirbhíse | 24,000 | 25,303 | 24,691 |
| | **Iomlán** | 41,675 | 48,436 | 46,140 |

**Míniú ar na mórathruithe**

Tugtar míniú thíos maidir le gach teideal a raibh an toradh a bhain le breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh, agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh.

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná an tsuim mheasta €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Fáltais ó na Náisiúin Aontaithe maidir le liúntais thar lear, etc. | (2,529) | Tháinig an barrachas as fáltais ó na Náisiúin Aontaithe a bheith ní b'airde ná mar a bhíothas ag súil leo agus as roinnt méideanna a bhí dlite in 2012 a fháil in 2013. |
| Fáltais ó chiondálacha ar aisíoc | (530) | Tháinig an barrachas as líon an phearsanra a bhí ag baint leas as ciondálacha a bheith ní b'airde ná mar a bhíothas ag súil leis. |
| Fáltais ar bhreosla eitlíochta | (121) | Tháinig an barrachas as an éileamh ar líonadh breosla eitlíochta i measc aerárthaí ar cuairt a bheith ní b'airde ná mar a bhíothas ag súil leis. |
| Talamh agus áitribh (a) Cíosanna, etc. | (250) | Tháinig an barrachas as méadú i dtáillí cíosa. |
| Talamh agus áitribh (b) Díolacháin | (172) | Tháinig an barrachas as méadú i ndíolachán réadmhaoine in 2013. |

| **Cur síos** | **Níos lú/(níos mó) ná an tsuim mheasta €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Díol stóras iomarcach | (699) | Tháinig an barrachas go príomha as long dhíchoimisiúnaithe de chuid na seirbhíse cabhlaigh agus as trealamh míleata as feidhm a dhíol. Bíonn sé doiligh an luach a ghabhann le díolacháin den sórt sin a thuar. |
| Aisíocaíochtaí maidir le seirbhísí pearsanra ar iasacht | (152) | Tháinig an barrachas as fáltais in 2013 do speansais a tabhaíodh i mblianta roimhe sin agus as líon na mball foirne ar iasacht a bheith ní b'airde ná mar a tuaradh ar dtús. |
| Nithe ilghnéitheacha | (1,000) | Tháinig an barrachas as fáltais a bhain leis an tSeirbhís Tacaíochta Aerleighis Éigeandála a bheith ní b'airde ná mar a bhíothas ag súil leo. |
| Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsean maidir le luach saothair seirbhíse | (1,303) | Tháinig an barrachas go príomha as asbhaintí ó riaráistí a íocadh in 2013. |

| **4.2 Fáltais bhreise a bhí iníoctha leis an Státchiste** | **2013 €000** | **2012 €000** |
|---|---|---|
| 1. Iarmhéid ar chuntas oiliúna seolta Choiste an Asgard a dhúnadh | 111 | — |
| 2. Iarmhéid ar an mBord Cosanta Sibhialta a dhíscaoileadh | 103 | — |
| | 214 | — |

## 5 Líon agus pá na bhfostaithe

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| **Líon ag deireadh na bliana** (comhionann le fostaithe lánaimseartha) | 10,134 | 10,298 |

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 417,166 | 400,241 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 256 | 349 |
| Ragobair | 472 | 590 |
| Liúntas uainoibre agus uainchláir | 215 | 289 |
| Liúntais mhíleata agus liúntais eile | 34,184 | 36,247 |
| PRSI fostóra | 38,089 | 36,447 |
| **Pá iomlán** | **490,382** | **474,163** |

Ní áirítear leis na hiomláin an Oifig an Ombudsmain d'Óglaigh na hÉireann lena mbaineann trí pearsanra agus €171,224 d'íocaíochtaí iomlána. Cuireann an chomhlacht seo cuntais ar leith ar fáil.

Ní áirítear caiteachas neamh-phá arna mhuirearú go fotheidil pá áirithe sna figiúirí pá iomlána thuas.

### 5.1 Státseirbhísigh

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| **Líon ag deireadh na bliana** (comhionann le fostaithe lánaimseartha) | 339 | 321 |

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 16,494 | 15,240 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 81 | 107 |
| Ragobair | 100 | 124 |
| Liúntais eile | 5 | 6 |
| PRSI fostóra | 638 | 560 |
| **Pá iomlán** | **17,318** | **16,037** |

Léirítear i bhfigiúirí na bliana 2013 an méadú ar an líon agus costais foirne de bharr dhíscaoileadh an Bhoird Chosanta Sibhialta an 31 Nollaig 2012 agus de bharr aistriú fhoireann an Bhoird chuig an Roinn Cosanta.

Áirítear san fhigiúr pá íocaíochtaí téarfa agus iomarcaíochta arbh fhiú €107,758 san iomlán iad, suim a íocadh le beirt státseirbhíseach in 2013.

| **Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre** | **Líon na bhfaighteoirí** | **Faighteoirí €10,000 nó níos mó** | **Uas-íocaíocht aonair 2013 €** | **Uas-íocaíocht aonair 2012 €** |
|---|---|---|---|---|
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 19 | 4 | 17,690 | 19,585 |
| Ragobair | 80 | — | 7,430 | 10,959 |
| Liúntais eile | 12 | — | 1,737 | 1,547 |

Fuair daoine áirithe liúntais i mbreis agus catagóir amháin.

**5.2 Fostaithe sibhialtacha**

| | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| **Líon ag deireadh na bliana** (comhionann le fostaithe lánaimseartha) | 534 | 593 |

| | **2013 €000** | **2012 €000** |
|---|---|---|
| Pá | 21,480 | 22,595 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 175 | 242 |
| Ragobair | 372 | 466 |
| Liúntas uainoibre agus uainchláir | 215 | 289 |
| Liúntas am taistil | 590 | 600 |
| Liúntas uirlisí agus liúntais eile | 325 | 375 |
| PRSI fostóra | 2,163 | 2,341 |
| **Pá iomlán** | **25,320** | **26,908** |

Áirítear san fhigiúr pá íocaíochtaí téarfa agus iomarcaíochta dar fiú €1,408,119 a íocadh le 33 fhostaí sibhialtach in 2013.

| **Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre** | **Líon na bhfaighteoirí** | **Faighteoirí €10,000 nó níos mó** | **Uas-íocaíocht aonair 2013 €** | **Uas-íocaíocht aonair 2012 €** |
|---|---|---|---|---|
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 95 | — | 7,220 | 10,847 |
| Ragobair | 155 | 4 | 27,014 | 24,631 |
| Liúntas uainoibre agus uainchláir | 37 | 4 | 17,446 | 17,035 |
| Liúntas am taistil | 94 | 10 | 12,030 | 12,030 |
| Liúntas uirlisí agus liúntais eile | 351 | — | 3,235 | 3,235 |

Fuair roinnt daoine aonair íocaíochtaí faoi bhreis is fhotheideal amháin.

**5.3 Na Buan-Óglaigh (lena n-áirítear Seirbhís Altranais an Airm agus an tSéiplíneacht)**

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| **Líon ag deireadh na bliana** (comhionann le fostaithe lánaimseartha) | 9,261 | 9,384 |

| | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá agus liúntas na seirbhíse míleata | 379,192 | 362,406 |
| Liúntais thar lear | 15,023 | 15,254 |
| Liúntais dualgais slándála | 9,786 | 10,886 |
| Liúntais dualgais teorann | 3,499 | 3,976 |
| Liúntais dualgais patróil | 3,165 | 3,338 |
| Liúntais ilghnéitheacha | 1,791 | 1,812 |
| PRSI fostóra | 35,288 | 33,546 |
| **Pá iomlán** | **447,744** | **431,218** |

| **Liúntais** | **Líon na bhfaighteoirí** | **Faighteoirí €10,000 nó níos mó** | **Uas-íocaíocht aonair 2013<br>€** | **Uas-íocaíocht aonair 2012<br>€** |
|---|---|---|---|---|
| Liúntais thar lear | 1,336 | 773 | 40,811 | 41,376 |
| Liúntais dualgais slándála | 7,574 | 27 | 13,527 | 19,996 |
| Liúntais dualgais teorann | 834 | 2 | 24,468 | 47,495 |
| Liúntais dualgais patróil | 801 | 2 | 10,455 | 11,294 |
| Liúntais ilghnéitheacha | 1,004 | 1 | 11,823 | 13,628 |

Fuair daoine áirithe liúntais i mbreis agus catagóir amháin.

Cuimsíonn an uasíocaíocht aonair don liúntas dualgais teorann i 2013 riaráiste de €20,764 ó 2009 go 2012.

**5.4 Íocaíochtaí Speisialta**

Rinne comhlacht ionadaíoch éileamh i bhfianaise théarmaí na Treorach um Am Oibre-93/104/CE agus íocadh €11,462,792 in 2013. Rinneadh riaráistí íocaíochta le lucht pearsanra an Bhuanfhórsa Cosanta ar fónamh agus ar phearsanra scaoilte áirithe maidir le riaráistí dá dteidlíocht ar phá saoire. Cumhdaíonn na riaráistí an tréimhse idir Eanáir 2007 go dtí Meán Fómhair 2013.

Íocadh €66,028 le triúr pearsanra altranais mar chúiteamh ar chaillteanas tuilleamh mar gheall ar shocruithe nua uainchláir a tugadh isteach, maidir le 2011 agus 2012.

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Misin thar lear

Áirítear sa chuntas seo na suimeanna a shonraítear thíos i ndáil le luach saothair na bpearsanra míleata atá ag feidhmiú le hoibríochtaí um thacaíocht síochána an AE agus na NA chomh maith le heagraíochtaí éagsúla eile, mar aon le costais taistil, chothaithe, agus iompair:

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Misin na NA agus an AE:** | | |
| UNIFIL (An Liobáin) | 27,029 | 32,474 |
| UNDOF (Arda Golan) | 2,381 | — |
| KFOR (An Chosaiv) | 1,209 | 1,270 |
| EUFOR (An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin) | 747 | 869 |
| Misin eile na NA agus an AE | 4,293 | 3,837 |
| | 35,659 | 38,450 |
| **Eile:** | | |
| Ionadaithe agus comhairleoirí míleata | 1,999 | 1,807 |
| Grúpa Cogaidh AE | 47 | 990 |
| Eagras um Shlándáil agus Comhoibriú san Eoraip | 462 | 691 |
| **Iomlán** | 38,167 | 41,938 |

Den €36 milliún san iomlán a caitheadh ar mhisin NA agus AE, baineann €6 milliún le misin ar a bhfuil an Stát ag íoc an costas iomlán. Baineann an €30 milliún eile le UNIFIL agus UNDOF, agus tá socruithe déanta leis an NA maidir le haisíoc costais áirithe ina leith sin. Ba é an suim a fuarthas ón NA mar leithreasaí i gcabhair in 2013 ná €8.5 milliún (Nóta 4.1), ar bhain €3.8 milliún de le costais pearsanra agus €4.7 milliún le costais trealamh. Ba é an tsuim gan íoc ag deireadh na bliana €1.3 milliún (€0.7 milliún de chostais phearsanra le UNIFIL agus UNDOF agus €0.6 milliún de chostais trealaimh le UNIFIL. Tá costais trealaimh do UNDOF á n-idirbheartú leis na Náisiúin Aontaithe).

Cuireadh éileamh faoi bhráid na Náisiún Aontaithe maidir le costais a bhain leis an tarraingt siar ó MINURCAT (Sead). Tá sé seo fós á phlé.

### 6.2 Tacaíocht do Chumainn Ionadaíocha Óglaigh na hÉireann

Áirítear sa chuntas seo iomlán de €488,398 i leith luach saothair d'oifigigh míleata ar iasacht chun ionadaíocht a dhéanamh ar chumainn agus costais riaracháin ghaolmhara eile.

### 6.3 Foireann ar Iasacht

Áirítear sa chuntas seo suim iomlán €105,169 i leith luach saothair an phearsanra mhíleata agus na státseirbhíseach ar iasacht.

### 6.4 Nithe a Díscríobhadh – damáiste d’fheithiclí míleata

Díscríobhadh €179,641 de thoradh dhá chéad seasca trí chás ina ndearnadh damáiste d'fheithiclí míleata.

**6.5 Tabhairt Anonn go 2014**

Faoi fhorálacha alt 91 den Acht Airgeadais 2004, tugadh anonn €900,000 de leithdháileadh neamhchaite i ndáil le gné chaipitil d'fhotheideal A.13 go dtí an bhliain 2014.

**6.6 Éilimh Dhíobhálacha Pearsanta agus Cháis Fhostaíochta**

| amhail an 31 Nollaig | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| Éilimh réitithe | | |
| An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | 137 | 159 |
| Eile | 22 | 54 |
| Éilimh ar láimh: | 330 | 359 |
| Líon díobh a bhain leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | 273 | 310 |

**6.7 Costais Dlí**

| Caiteachas don bhliain dar deireadh 31 Nollaig | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Táillí dlí | 1,549 | 1,499 |
| Cúiteamh | 2,260 | 1,617 |
| | 3,809 | 3,116 |

Tagraíonn na figiúirí thuasluaite maidir le táillí dlíthiúla agus cúitimh go príomha leis na héilimh a nochtaítear i nóta 6.6.

**6.8 Cóir Leighis**

Tugadh seirbhísí forasacha agus othar seachtrach do phearsanra Óglaigh na hÉireann agus do chleithiúnaithe an phearsanra liostáilte in ospidéil na sibhialtach gan cur i bhfeidhm an mhuirir reachtúil agus in ospidéil mhíleata gan muirear a ghearradh ar Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

**6.9 Maoiniú an AE**

Fuarthas leithreasuithe i gcabhair de luach €63,000 ó Chlár Faireachais Chosanta Iascach an AE i ndáil le caiteachas a chuathas ina bhun um chaomhnú agus bainistiú na n-acmhainní iascach faoi fho-cheannteidil A.11.

**6.10 Tabhartais Trealaimh**

Bronnadh trealamh dar luach €65,152 ar GOAL chun cabhrú lena obair faoisimh dhaonnúil sna hOileáin Fhilipíneacha.

**Sceideal na Talún agus Foirgneamh**
**Dílsithe san Aire Cosanta**

| Maoine | Limistéar (Acra)[1] |
|---|---|
| **Ceatharlach** | |
| Áitreabh ÓCT, An Mhuine Beag | 0.44 |
| **An Clár** | |
| Campa Chnoc an Lisín | 166.5 |
| Campa an Leachta | 5.19 |
| Cill Rois, Baile Urradh | 0.6 |
| **Corcaigh** | |
| Dún Uí Mhurchú, Baile an Chollaigh | 2.2 |
| Dún Uí Choileáin, Corcaigh | 59.8 |
| Cuid de Pháirc an Champa, Dún Uí Choileáin | — |
| Seanbheairic & Reilig, Mainistir Fhear Maí | 11 |
| Áitreabh ÓCT, Cill Chrócháin | 1 |
| Áitreabh ÓCT, Mainistir na Corann | 0.5 |
| Ceapach Chuimhneacháin Mhicheáil Uí Choileáin, Beál na Blá | 0.01 |
| Áitreabh ÓCT, An Sciobairín | 0.5 |
| Áitreabh ÓCT, Mala | 0.07 |
| Áitreabh ÓCT, Eochaill | 0.11 |
| Cuid den seandún míleata, Cill na Mallach | — |
| **Dún na nGall** | |
| Teach Chnoc na Carraige, Leitir Ceanainn | 30 |
| An Post Míleata, Leifear | 2.6 |
| Áitreabh ÓCT, Na Muilinn | 0.25 |
| **Baile Átha Cliath** | |
| Aeradróm Mhic Easmuinn, Baile Dhónaill, lena n-áirítear feirm chamrais & talamh cóngarach | 685 |
| Asplanád, Dún Uí Choileáin | 0.5 |
| Láithreán ag Droichead na hInse, BÁC 8. | 1 |
| Áitreabh ÓCT, Sord | 0.6 |

[1] Tá na hacraíochtaí sonraithe garbh. Tá foirgnimh le fáil mar chuid de mhórchuid na réadmhaoine.

**Sceideal na Talún agus Foirgneamh**
**Dílsithe san Aire Cosanta**

| Maoine | Limistéar (Acra)[1] |
|---|---|
| **Gaillimh** | |
| Raon Raidhfilí Órán Mhóir | 534 |
| Seachbhóthar Óráin Mhóir | 0.75 |
| Soláthar Uisce Bhun na dTobar do Raon Óráin Mhóir | — |
| Dún Uí Mhaoilíosa, Gaillimh | 74 |
| Áitreabh ÓCT, Béal Átha na Sluaighe | 0.5 |
| Áitreabh ÓCT, Baile Locha Riach | 0.23 |
| **Ciarraí** | |
| Dún Bhaile an Mhuilinn, Trá Lí | 15 |
| Dúnfort na Sionainne, Tairbeart | 2 |
| Áitreabh ÓCT, Lios Tuathail | 0.22 |
| Áitreabh ÓCT, Cill Orglan | 0.25 |
| Áitreabh ÓCT, An Daingean | — |
| Áitreabh ÓCT, Cill Airne | 0.2 |
| **Cill Dara** | |
| Campa agus Tailte an Churraigh | 4,870 |
| Tailte an Churraigh – Seachbhóthar Chill Dara | — |
| Tithe ag Páirc an Úlloird (2,23,78,85,96), An Currach | — |
| Dún Mhic Aoidh, Cill Dara. | 65 |
| Tailte ag an Ráth Dubh, An Currach. | 35.5 |
| **Cill Chainnigh** | |
| Dún Mhic Stiofáin, Cill Chainnigh | 14 |
| **Liatroim** | |
| Áitreabh ÓCT, Cluainín | — |
| **Lú** | |
| Raon Raidhfilí, Dún Dealgan | 13.50 |
| Áitreabh ÓCT, Droichead Átha | 0.40 |
| **Maigh Eo** | |
| Áitreabh ÓCT, Cathair na Mart - Léasaithe | 0.50 |
| **An Mhí** | |
| Campa agus Aeradróm Bhaile Mhic Gormáin | 261 |
| Áitreabh ÓCT, an Uaimh | 0.50 |
| Áitreabh ÓCT, Ceanannas | — |
| **Uíbh Fhailí** | |
| Seandún Míleata, Biorra | 4.90 |

[1] Tá na hacraíochtaí sonraithe garbh. Tá foirgnimh le fáil mar chuid de mhórchuid na réadmhaoine.

**Sceideal na Talún agus Foirgneamh**
**Dílsithe san Aire Cosanta**

| **Maoine** | **Limistéar (Acra)**[1] |
|---|---:|
| **Ros Comáin** | |
| Raon Raidhfilí, Carna | 283 |
| Áitreabh ÓCT, Ros Comáin | 0.80 |
| **Tiobraid Árann** | |
| Raon Raidhfilí, Cill Chuaráin | 13.50 |
| Áitreabh ÓCT, Durlas | 0.19 |
| Raon Raidhfilí an Bharnáin, An Teampall Mór | — |
| **Port Láirge** | |
| Dún Míleata, Port Láirge | 0.80 |
| Áitreabh ÓCT, Dún Garbháin - Léasaithe | 0.10 |
| **An Iarmhí** | |
| Dún Mhic Coluim, An Muileann gCearr | 23.75 |
| Dún Chostúim, Baile Átha Luain | 13 |
| Tailte Gharraí na Féile, Baile Átha Luain | 14.75 |
| **Cill Mhantáin** | |
| Raon Airtléire Ghleann Ó Máil | 6,669 |
| Campa agus Tailte Chúil Uí Mhaonaigh | 241 |
| Raon Raidhfilí Chill Pheadair, Bré | 98 |
| Teach agus Tailte Chnoc na Carraige, Bré | 4.83 |
| Post an Raonbhardaigh, An Seisceann | 1 |
| Áitreabh ÓCT, Cill Mhantáin - léasaithe | 0.23 |

[1] Tá na hacraíochtaí sonraithe garbh. Tá foirgnimh le fáil mar chuid de mhórchuid na réadmhaoine.

**Sceideal na Talún agus Foirgneamh**
**Dílsithe san Aire Airgeadais**

| **Maoine** | **Limistéar (Acra)**[1] |
|---|---|
| **An Clár** | |
| Áitreabh ÓCT, Inis | 0.25 |
| **Corcaigh** | |
| Campa agus Raon Chill Uird | 3,404 |
| Cuid ag Campa Chill Uird do sholáthar seirbhísí bóthair ag ÚBN | 26.42 |
| An tOileán Mór | 225 |
| An Bhunáit Chabhlaigh, An Dún[2] | 84 |
| Dún an Dáibhisigh, An Geata Bán | 74 |
| Dún Teampall Bríde, Bun an Tábhairne | 37 |
| Campa Mhic Gearailt, Mainistir Fhear Maí | 2.5 |
| An Ché Fhíochmhar, Baile Chaisleáin Bhéarra | — |
| An Ché Thuirlingthe, An Cóbh | — |
| **Dún na nGall** | |
| Campa Fionnabhair, Bun Dobhráin | 840 |
| **Baile Átha Cliath** | |
| Dún Chathail Bhrugha, Ráth Maonais | 46 |
| Dún Chathail Bhrugha Uimh. 17 – 28 Ceathrúna | — |
| Dún Mhic Aoidh, Ascaill an Chiardhuibh | 45 |
| Páirc Mhic Aoidh, Uimh. 64 | — |
| Ospidéal Naomh Bricín, BAC 7 | 8 |
| An Seanteach Scoile, Cnoc an Arbhair | — |
| 2 Cúirt Thomhair, Cnoc an Arbhair | — |
| **Gaillimh** | |
| Áitreabh ÓCT, An Gort | 0.2 |
| **Laoise** | |
| Áitreabh ÓCT, Port Laoise | 0.077 |
| **Luimneach** | |
| Dún an tSáirséalaigh, Luimneach | 14.80 |
| **An Longfort** | |
| Dún Uí Chonghaile, An Longfort | 14 |
| Cuid de Dhún Uí Chonghaile, An Longfort | 0.37 |
| Áitreabh ÓCT, An Longfort | — |

[1] Tá na hacraíochtaí sonraithe garbh. Tá foirgnimh le fáil mar chuid de mhórchuid na réadmhaoine.

[2] Aistrithe go sealadach chuig an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chun obair dheisiúcháin a dhéanamh ar shuíomh ISPAT.

**Sceideal na Talún agus Foirgneamh**
**Dílsithe san Aire Airgeadais**

| **Maoine** | **Limistéar (Acra)**[1] |
|---|---|
| **Lú** | |
| Dún Mhic Aogáin, Dún Dealgan | 18 |
| **Maigh Eo** | |
| Dún Míleata, Caisleán an Bharraigh | 6 |
| **Ros Comáin** | |
| Raon Raidhfilí, Cuisle | 139 |
| Dún Míleata, Mainistir na Búille | 0.50 |
| **Tiobraid Árann** | |
| Dún Chiceam, Cluain Meala | 11 |
| Dún Míleata, An tAonach | 2.70 |
| Cuid de Dhún Mhic Cana, An Teampall Mór | 0.39 |
| **Loch Garman** | |
| Dún Míleata, Loch Garman | 1 |
| **Cill Mhantáin** | |
| Campa agus Raon Raidhfilí Chill Bhríde | 1,574 |

[1] Tá na hacraíochtaí sonraithe garbh. Tá foirgnimh le fáil mar chuid de mhórchuid na réadmhaoine.